

# CONAS D'FHOIRM IARRATAIS A LÍONADH ISTEACH

Cúnamh agus Comhairle  
Dhlíthiúil Shibhialta



AN BORD UM  
CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

(066) 947 1000

[info@legalaidboard.ie](mailto:info@legalaidboard.ie)

[www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie)

## **Ná déan dearmad:**

Beidh ort an méid seo a leanas a áireamh le d'iarratas:

- Duillín pá a eisíodh le déanaí, má tá tú ag obair
- Admháil leasa shóisialaigh a eisíodh le déanaí má éilíonn tú leas sóisialach (Is leor litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí ag tabhairt sonraí de d'íocaíocht más rud é nach bhfaigheann tú do leas sóisialach trí Oifig an Phoist)
- An Fógra Measúnaithe is déanaí a fuair tú ó na Coimisinéirí Ioncain má tá tú féinfhostaithe (is leor sraith cuntas deireanach más rud é nach bhfuil Fógra Measúnaithe na bliana seo caite ar fáil go fóill)
- Ag brath ar cad chuige ar mhaith leat seirbhísí dlí a fháil, aitheantas fótagrafach agus cruthúnas faoi do sheoladh:
  - Aitheantais fótagrafach (pas nó ceadúnas tiomána de ghnáth)
  - Cruthúnas ar do sheoladh (cóip de bhille teaghlaigh de ghnáth)
- Cóip d'aon imeachtaí cúirte nó orduithe a rinneadh sa dá mhí dhéag deireanach a bhaineann le do chás

Uaireanta, chun críocha fíoraithe, is féidir linn a iarradh ort breis cáipéisí a sholáthar. Inseimid duit más rud é gurb amhlaidh atá an cás.

Cuir isteach cóipeanna de na doiciméid. Ná seol bunchóipeanna sa phost.

Mura gcuireann tú cruthúnas faoi d'ioncam ar fáil dúinn beidh orainn scríobh chugat. Cuirfidh sé sin moill ar phróiseáil d'iarratais, mar ní bheidh muid in ann d'iarratas a bhreithniú go dtí go mbeidh sé sin faighte againn.

## **An bhfuil aon riachtanais speisialta agat?**

Beidh an t-ionad dlí thar a bheith sásta cabhrú leat an fhoirm a líonadh. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leo sula dtugann tú cuairt orthu chun plé a dhéanamh maidir le do riachtanais.

## **An mbeidh ateangaire ag teastáil uait?**

Déan teagmháil leis an ionad dlí le cabhair a fháil.

## **English version**

An English version of this information sheet is available on request as well as the application form.

## **Cuireann an fhoirm iarratais ar Sheirbhísí Dlí ar do chumas a iarradh ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta cúnamh agus comhairle dhlíthiúil shibhialta a thabhairt duit**

Is iad seo a leanas na seirbhísí dlí atá le fáil ón mBord:

- comhairle faoi do fhadhb - ar a dtugtar comhairle dhlí
- ionadaíocht sa chúirt - ar a dtugtar cúnamh dlíthiúil

Is é cuspoir na foirme seo ná an t-eolas a sholáthar atá riachtanach dúinn chun cinneadh a dhéanamh más féidir linn cabhrú leat maidir leis an fhadhb atá agat agus an bhfuil tú i dteideal, ó thaobh cúrsaí airgid de, chun seirbhísí dlí a fháil. Má tá tú incháilithe, déanfar thú a áireamh i dtaifead na n-iarratas san ionad dlí agus déanfaimid coinne chun comhairle a thairiscint duit nuair is féidir linn é sin a dhéanamh. Más rud é, tar éis do choinne chun comhairle a fháil, go mbeidh ionadaíocht sa chúirt riachtanach duit déanfaidh aturnaí iarratas chuig ár gCeannoifig ar do shon chun cead a thabhairt dóibh ionadaíocht a dhéanamh ort sa Chúirt. Beidh tuilleadh eolais ar do chás riachtanach dúinn chun an cinneadh sin a dhéanamh, ach míneoidh d'aturnaí níos mó duit faoi sin nuair a bheidh coinne agat chun comhairle a fháil.

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí dlíthiúla, ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán agus í a chur ar ais chuig an ionad dlí is gaire duit. Ní mór duit freisin cruthúnas a sholáthar faoi d'ioncam faoi mar atá leagtha amach ar an bhfoirm. I bhformhór na gcásanna, beidh ort grianghraf aitheantais agus cruthúnas faoi do sheoladh a sholáthar freisin. Ní bheidh ort grianghraf aitheantais agus cruthúnas faoi do sheoladh a sholáthar mura mbíonn gné airgeadais nó réadmhaoine ag baint le do chás. Más rud é nach bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán nó mura soláthraíonn tú an cruthúnas riachtanach faoi d'ioncam, beidh orainn scríobh ar ais chugat agus iarradh ort an fhaisnéis nó na doiciméid atá in easnamh a sholáthar. Chuirfeadh sé sin moill orainn ag próiseáil d'iarratais.

### **Sula ndéanfaidh tú iarratas**

Má bhaineann an fhadhb atá agat le do phósadh nó le do pháirtnéireacht shibhialta nó le do leanaí, tá Seirbhís Eadrána Teaghlaigh á reáchtáil againn freisin ar féidir léi cabhrú leat teacht ar chomhaontú chun d'fhadhb a réiteach. Cabhraíonn an tseirbhís le daoine teacht ar réiteach tráthúil maidir le rudaí den sórt sin gan dul chun na Cúirte. Nuair a dhéanann tú iarratas chuig lárionad dlí, féadfaidh an lárionad dlí faisnéis a chur ar aghaidh chuig oifig idirghabhála teaghlaigh de chuid an Bhoird má mheastar go mbeadh sé oiriúnach é sin a dhéanamh. Mar sin féin, más mian leat eolas a fháil faoi idirghabháil teaghlaigh, tá na sonraí teagmhála le fáil ag [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie) nó, mar mhalairt ar sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ag 9 Cé Urmhumhan Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Teileafón (01) 874 7446.

### **1. Faisnéis phearsanta agus sonraí faoin iarratas**

Tá an chéad chuid den fhoirm le haghaidh d'fhaisnéis phearsanta agus sonraí an ábhair ar mhaith leat iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí dlíthiúla ina leith. Tá sé tábhachtach go gcomhlánófá an chuid seo den fhoirm go hiomlán. Líon isteach gach bosca ach amháin mura mbaineann sé leat. Más rud é nach mian leat go rachaimis i dteagmháil leat ag do sheoladh féin, ní mór duit seoladh malartach a chur ar fáil dúinn áit ar féidir linn dul i dteagmháil leat.

Is éard is ábhar dlí teaghlaigh ná ábhar a bhaineann le do phósadh, nó le caidreamh príobháideach eile nó le leanaí. Samplaí d'ábhair dlí teaghlaigh iad colscaradh nó idirscaradh, iarratas go gceapfaí thú mar chaomhnóir do leanaí, nó nithe a bhaineann le cúram agus rialú do leanaí. Clúdaíonn ábhar neamh-teaghlaigh aon rud nach ábhar dlí teaghlaigh é.

Déan iarracht an oiread sonraí agus is féidir leat a thabhairt dúinn sa spás atá curtha ar fáil. Tá an t-eolas seo riachtanach dúinn chun gur féidir linn cinneadh a dhéanamh ar an gcéad dul síos, cibé an féidir linn déileáil leis an ábhar a bhfuil tú ag cur isteach ar sheirbhísí dlí ina leith, nó nach féidir.

Má d'íarr tú orainn cheana seirbhísí dlí a sholáthar duit, ba cheart duit sonraí maidir leis seo a thabhairt dúinn freisin.

## **2. Ráiteas ioncaim agus sócmhainní**

Níl ach acmhainní teoranta againn agus ní féidir cabhrú le gach duine a dhéanann iarratas. Ar an ábhar sin tá teorainneacha leagtha síos ag an Rialtas maidir leis an ioncam indiúscartha agus na sócmhainní caipitiúla atá ag duine agus ní féidir linn seirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil duit má tá ioncam nó sócmhainní agat atá níos airde ná iad sin.

### **Cuid A: Is é leas sóisialta an t-aon fhoinse ioncaim atá agam agus níl aon sócmhainní agam ar fiú thar €4,000 iad**

Tá dhá cheist i gCuid A.

- **An fíor gurb é leas sóisialta an t-aon fhoinse ioncaim atá agat?**  
Ní cheart duit “is fíor” a thabhairt mar fhreagra ach amháin más é leas sóisialta an t-aon chineál ioncaim atá agat. Má tá ioncam d’aon chineál eile agat – post páirtaimseartha, nó iarchéile nó iarpháirtí a thugann íocaíochtaí cothabhála duitse nó do do leanaí, ní mór duit ráiteas iomlán a chomhlánú faoi d’ioncam agus do shócmhainní; agus
- **An fíor gur fiú níos lú ná €4,000 iomlán do chuid sócmhainní?**  
Áirítear iad seo a leanas mar shócmhainní: do charr nó mótarfheithicil eile, aon choigilteas atá agat i mbanc, agus seodra ar leat é. Ní chuirtear san áireamh an teach ina gcónaíonn tú. Más rud é nach féidir leat “is fíor” a thabhairt mar fhreagra ar an gceist seo, ba cheart duit ráiteas iomlán ioncaim agus sócmhainní a chomhlánú.

Más féidir leat “is fíor” a thabhairt mar fhreagra ar an DÁ cheist seo, ní gá duit ráiteas iomlán a thabhairt agus is féidir leat dul díreach go dtí an leathanach ar chúl na foirme chun an dearbhú a shíniú.

Más é ‘ní fíor’ an freagra a thug tú ar cheachtar de na ceisteanna seo, ní mór duit leanúint ar aghaidh agus Cuid B agus C a chomhlánú.

### **Cuid B: Sonraí faoi m’ioncam**

Iarrtar ort sa chuid seo den fhoirm sonraí a thabhairt faoi d’ioncam agus faoi chostais áirithe.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh againn ar do theidlíocht i leith seirbhísí dlí, tugaimid rudaí duit ar a dtugtar “liúntais”, agus arb ionann iad agus asbhaintí ó d’ioncam bliantúil bunaithe ar na costais sin. Tugtar na liúntais seo i leith asbhaintí áirithe ó do thuarastal nó ó do phinsean ceirde, agus i leith na gcostas a bhaineann le do chóiríocht, le cúram leanaí, agus má tá céile nó páirtí agat agus/nó leanaí cleithiúnacha a n-íocann tú costais chothabhála ina leith. Tabhair faoi deara nach dtugtar liúntais i leith aon chaiteachas eile, mar shampla billí teileafóin, leictreachas agus gás, táillí dochtúra nó billí ospidéil, costais taistil, srl. Is é an Rialtas a chinneann ó am go ham cad iad na liúntais ar féidir linn a dheonú agus níl cead ag an mBord aon rud eile a chur san áireamh agus d’ioncam indiúscartha á ríomh.

Tá an fhoirm deartha le cabhrú linn na liúntais a bhfuil tú i dteideal a bheith agat a thabhairt duit. Ní mór duit deimhin a dhéanamh de í a chomhlánú go hiomlán.

- Sonraí faoi m’fhostaíocht nó mo phinsean:
  - Cuir in iúl cibé an bhfuil tú do d’íoc go seachtainiúil, go coicisiúil nó go míosúil
  - Cuir isteach an méid atá á íoc leat roimh asbhaintí
  - Cuir síos an tréimhse pá lena mbaineann an duillín pá atá á chur faoi iamh agat

(má íoctar tú in aghaidh na seachtaine féadfaidh tú “líon na seachtainí inárachais” a chur mar lipéad air.) Más rud é nach bhfuil sé sin ar eolas agat, ní gá duit an bosca seo a chomhlánú

- Cuir síos an méid atá á íoc agat mar cháin ioncaim (ÍMAT), ÁSPC, agus muirear sóisialta uilíoch (MSU). Má tá tú fostaithe sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nó in eagraíocht san earnáil dheonach atá maoinithe ag an Stát a íocfaidh pinsean na seirbhíse poiblí leat nuair a rachaidh tú ar scor, ba cheart duit an méid a íocann tú mar thobhach pinsin (a dtugtar an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean na Seirbhíse Poiblí (PRD) mar ainm oifigiúil air) a bhreacadh síos chomh maith
  - Ní mór duit an duillín pá is déanaí a fuair tú a chur isteach
  - Má tá tú i bhfostaíocht shealadach agus más rud é go dtiocfaidh deireadh le do chonradh laistigh den dá mhí dhéag seo chugainn, beidh ort cóip a sholáthar de do chonradh nó litir ó d'fhostóir ag insint dáta d'fhoirceanta. Mura bhfaighimid é sin déanfaimid measúnú ort ar bhonn tréimhse dhá mhí dhéag
- Leas Sóisialta:
    - Iontráil ainm na hÍocaíochta agus an méid atá á fháil agat in aghaidh na seachtaine ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Liostaigh ar leithligh gach íocaíocht nó sochar faoi leith. Tá spás ar fáil do Liúntas Breosla
    - Iniaigh bileog ar leith má tá níos mó spáis riachtanach duit
    - Ní fhaigheann an chuid is mó daoine liúntas breosla ach amháin i rith an gheimhridh. Má tá tú air seo an tsamhraidh, ba cheart duit a chur isteach ar an méid a fhaigheann tú de ghnáth i rith an gheimhridh. Cuirimid san áireamh nach bhfaightear an íocaíocht seo ach amháin ar feadh sé mhí den bhliain
    - Ní mór duit fianaise a sholáthar faoi gach íocaíocht leasa shóisialaigh atá á fáil agat. Is éard a bheith ansin de ghnáth ná admháil ó Oifig an Phoist, nó cruthúnas go bhfuil an íocaíocht á próiseáil le do chuntas bainc. De rogha air sin, is leor litir ó Intreo/Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh ag insint go bhfuil tú ag fáil na hÍocaíochta
  - Foinse eile - d'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh mar fhoinsé eile:
    - Scéim Fostaíochta Pobail
    - Cúrsa SOLAS (ar a dtugtaí FÁS roimhe seo)
    - Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)
    - Díbhinní ó scaireanna i gcuideachtaí poiblí teoranta
    - Ús ó thaiscí
    - Ioncam ó réadmhaoin
  - Airgead cothabhála faighte: is gá duit méid an airgid cothabhála atá á íoc leata a lua agus cibé an bhfuil an t-airgead sin a íoc leat ar mhaithe le do chothabháil féin nó cothabháil do leanaí
  - Gnó: baineann sé seo leo siúd atá féinfhostaithe agus nach gcaitear leo mar fhostaithe ÍMAT chun críocha párolla, mar shampla trádálaithe aonair, comhpháirtithe, conraitheoirí, agus feirmeoirí. Ní mór duit an Fógra Measúnaithe is déanaí atá agat ó na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar, nó an leagan is déanaí de do chuntais iniúchta
  - Sochair chomhchineáil: áirítear leis seo aon íocaíocht ó d'fhostaíocht nach bhfuil i bhfoirm pá ná tuarastail, mar shampla carr cuideachta. Má bhaineann an chuid seo leat, ba cheart duit dul i dteagmháil leis an ionad dlí agus an scéal a phlé leo
  - Costas mo chóiríochta: scríobh síos an costas iomlán a bhaineann le hÍocaíocht do mhorgáiste: scríobh síos an méid **iomlán** a íocann tú ar do mhorgáiste nó mar chíos (lena n-áirítear aon fhorlíonadh nó liúntas a fhaigheann tú) agus tabhair le fios cé chomh minic is a íocann tú é (in aghaidh na míosa, na coicíse nó na seachtaine) trí tic a chur sa bhosca

ceart. Má tá forlónadh ar íocaíocht ús morgáiste, forlónadh cíosa, nó líuntas cíosa á fháil agat breac síos an méid sa spás atá curtha ar fáil

- Ba cheart duit tabhairt le fios cé mhéad san iomlán a íocann tú as cúram leanaí agus cé mhéad leanbh atá agat a dtugtar cúram dóibh
- Céile/Páirtí: má tá tú i do chónaí le do chéile nó le do pháirtí ba cheart duit é sin a léiriú anseo. Is éard atá i gceist le páirtí nó páirtí sibhialta ná duine lena bhfuil caidreamh agat leis nó léi agus lena bhfuil tú i do chónaí le níos mó ná cúig bliana murar saolaíodh aon leanaí daoibh, nó níos mó ná dhá bhliain má saolaíodh leanaí daoibh. Mura bhfuil tú i do chónaí le do chéile, is féidir leat líuntas a éileamh fós má tá airgead cothabhála á íoc agat
- Leanáí Cleithiúnacha: Ní mór duit líon na leanáí cleithiúnacha nó na leasleanaí atá ina gcónaí leat a scríobh síos. Mar sin féin, d'fhéadfá páistí a áireamh atá as baile ag freastal ar scoil chónaithe nó coláiste agus a thagann ar ais de ghnáth le linn na laethanta saoire. Má tá tú ag íoc airgid cothabhála i leith linbh nach gcónaíonn in éineacht leat, ba cheart duit líon na leanaí agus an méid a íocann tú i leith gach linbh a léiriú sa spás
- Cleithiúnaithe Eile: Caithfidh tú líon na gcleithiúnaithe eile atá agat a bhreacadh síos. Ní mór dóibh a bheith ina gcónaí leat. Ní mór duit insint cén fáth a bhfuil siad cleithiúnach ort

### **Cuid C: Sonraí faoi mo shócmhainní**

Sa chuid seo, ní mór duit sonraí a thabhairt faoi do shócmhainní caipitiúla, ach amháin an teach ina gcónaíonn tú. Más rud é, áfach, nach bhfuil sócmhainní caipitiúla agat ar fiú níos mó ná €4,000 iad san iomlán, is féidir leat tic a chur sa bhosca agus leanúint ar aghaidh go dtí an dearbhú ar an leathanach deireanach.

- Mo charr: Cuir isteach na sonraí maidir le déanamh agus múnla, bliain, agus luach measta do chairr, chomh maith leis an méid atá fágtha ar aon iasacht a fuair tú chun an carr a cheannach
- Airgead tirim ar láimh agam nó sa bhanc: Cuir isteach sonraí maidir le haon airgead tirim atá i do sheilbh agat nó atá i mbanc, cumann foirgníochta, comhar creidmheasa nó foras airgeadais eile
- Sócmhainní eile atá agam - is féidir iad seo a leanas a bheith san áireamh agat anseo:
  - aon mhaoin réadach - talamh, réadmhaoin infheistíochta, dara tithe - ar leat féin iad seachas an teach ina bhfuil cónaí ort
  - aon scaireanna atá agat féin i gcuideachta theoranta, lena n-áirítear comhar creidmheasa
  - aon seodra costasacha nó oibreacha ealaíne ar leat iad
  - aon bhannaí rialtais, nó bannaí Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), Coigilteas Stáit nó Coigiltis Náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus táirgí Infheistíochta nó aon rud den chineál céanna
- Má thóg tú amach iasacht nó morgáiste chun an tsócmhainn a cheannach ba cheart duit an tsuim atá gan íoc fós ar an morgáiste nó ar an iasacht a lua
- Iasachtaí eile gan íoc: Cuir isteach na sonraí faoin iasacht, an méid atá fós gan íoc agus méid a aisíocann tú in aghaidh na míosa
- Fiacha eile dlite le hÍoc sa bhliain seo chugainn: Is féidir a áireamh orthu siúd billí a bhfuil tú go mór chun deiridh maidir lena n-íoc, riaráistí cothabhála, breithiúnais chúirte a rinneadh i d'aghaidh agus nach bhfuil curtha i bhfeidhm fós, nó aon riaráiste maidir le rótharraingt. Níor cheart duit gnáthbhillí tí a áireamh anseo, murar cuireadh ar aghaidh iad chuig rannóg rialaithe creidmheasa nó chuig gníomhaireacht bhailithe fiach agus gurb í an chéad chéim eile ná go dtionscnóidh an rannóg nó an ghníomhaireacht imeachtaí dlíthiúla i d'aghaidh

Faoi mar a dhéanaimid i gcás ioncain, cuirimid rudaí áirithe san áireamh nuair a bhíonn do

chaipiteal indiúscartha á ríomh. Cuirimid san áireamh an méid iomlán atá gan íoc ar aon iasacht a tógadh amach d'fhonn sócmhainn chaipitil a cheannach, méid na n-aisíocaíochtaí a dhéantar in 12 mhí dhéag (suas go dtí uasmhéid na suime atá gan íoc) ar aon iasacht eile atá agat, agus aon fhiacha eile atá in-fhorghníomhaithe le dlí.

Faoi mar atá i gcás na liúntas ioncaim, déanann an Rialtas cinneadh faoi na liúntais seo ó am go ham agus níl sé de chumhacht ag an mBord aon rud eile a chur san áireamh nuair a bhíonn do chaipiteal indiúscartha á ríomh.

### **Dearbhú**

Nuair a dhéanann tú iarratas chuig an mBord um Chúnaimh Dlíthiúil, dearbhaíonn tú go bhfuil an t-eolas a thug tú ar an bhfoirm iomlán agus cruinn. Is féidir linn iarraidh ar ghníomhaireachtaí áirithe, mar shampla an Roinn Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim, agus an Oifig Luachála a fhíorú go bhfuil na sonraí a thug tú dúinn ceart. Ní iarraidimid é sin orthu i ngach cás, ach déanaimid spotseiceálacha ó am go céile.

D'fhéadfaí a iarraidh ort, nuair a chuirtear tús le do chás, ráiteas faoi mhionn a dhéanamh faoi do chúrsaí airgid. Tugaimid faoi deara uaireanta go gcuirtear foinsí ioncaim, nó sócmhainní caipitil, a bhí fágtha ar lár ón bhfoirm iarratais, san áireamh sa ráiteas faoi mhionn. Tarlaíonn sé uaireanta eile go bhfaighimid amach nach raibh an t-eolas ar an bhfoirm cheart. Má tharlaíonn sé seo déanfaimid d'incháilitheacht ó thaobh airgid de a athmheas, rud a chiallaíonn go mbeidh ort an fhoirm a líonadh amach arís agus go ndéanfar measúnú ort arís.

Féadfaimid:

- A iarradh ort ranníocaíocht níos airde a íoc
- Deireadh a chur le do theastas um chúnaimh dlíthiúil nó é a chúlghairm, rud a chiallódh go bhféadfaimis deireadh a chur le do chúnaimh dlíthiúil agus go n-éileofar ort an méid a chosain sé orainn ionadaíocht a dhéanamh ort go dtí sin a aisíoc

Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go líonfaí an fhoirm go hiomlán agus gan aon rud a bhaineann leis an iarratas a fhágáil ar lár. Nuair a shíníonn tú an dearbhú tugann tú cead dúinn aon fhaisnéis a fháil faoi do chás a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uainn. Bíonn an cead sin riachtanach dúinn le bheith in ann gníomhú ar do shon.

### **Íoc as na seirbhísí dlí a gcuirtear ar fáil duit**

Rud amháin ba cheart a bheith ar eolas agat nuair a chuireann tú d'iarratas isteach ná nach mbíonn ár seirbhís saor in aisce de ghnáth. I bhformhór na gcásanna, beidh ort íocaíocht - ar a dtugtar ranníocaíocht - a dhéanamh i leith costas na seirbhíse a gcuirimid ar fáil. Mar sin féin, ní bheidh ort aon rud a íoc in imthosca speisialta áirithe nó má tá an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (an FSS roimhe seo) ag tionscnamh imeachtaí chun do leanaí a ghlacadh faoi chúram.

De ghnáth is é **€30** an ranníocaíocht is ísle, agus de ghnáth beidh ort an méid sin ar a laghad a íoc sula bhfeicfidh tú aturnae. Más gá duit dul chun Cúirte agus má aontaímid ionadaíocht a dhéanamh ort, beidh ort **€130** ar a laghad a íoc de ghnáth. D'fhéadfaí a iarraidh ort níos mó a íoc ag brath ar d'ioncam agus ar do chaipitil indiúscartha. Inseoidimid duit cad iad na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc agat sula bhfeiceann tú aturnae. Ba cheart duit labhairt le ball den fhoireann más rud é gur dócha go mbeadh cruatan i gceist dá mbeadh ort ranníocaíocht a dhéanamh.

I gcúinsí áirithe, má bhronntar airgead nó maoin ort d'fhéadfaimis a iarraidh ort nuair a bheidh do chás críochnaithe go n-aisíocfá cuid de na costais a bhain le do chúnaimh dlíthiúil nó fiú na costais go léir. Pléifidh d'aturnae an scéal seo níos mine leat má bhaineann sé leat.

# IONAID DLÍ LÁNAIMSEARThA

<b>AN CABHÁN</b>	Ionad Siopadóireachta na Cúirte Nua, Sráid na hEaglaise, an Cabhán.	Teil: (049) 433 1110 Facs: (049) 433 1304
<b>AN CLÁR</b>	Aonad 6A, Cearnóg na gCeannaithe, Inis, Co. an Chláir.	Teil: (065) 682 1929 Facs: (065) 682 1939
<b>CORCAIGH</b>	Ionad Dlí, 1A An Meall Theas, Corcaigh. An Lárionad Dlí, Teach an Ché Thuaidh, Cé Pope, Corcaigh.	Teil: (021) 427 5998 Facs: (021) 427 6927 Teil: (021) 455 1686 Facs: (021) 455 1690
<b>DÚN NA NGALL</b>	Lár Bhaile Leitir Ceanainn, Bóthar an Ghiúistís Breathnach, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.	Teil: (074) 912 6177 Facs: (074) 912 6086
<b>BAILE ÁTHA CLIATH</b>	An Lárionad Dlí, 45 Sráid Ghairdínéir Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. An Lárionad Dlí, 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7. An Lárionad Dlí, 44/49 An Phríomhshráid, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11. An Lárionad Dlí, An 1ú Urlár, Lárionad Cathrach Chomhairle Cathrach, Bhaile Átha Cliath Theas, Bóthar an Naouí Loc, Chluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22. An Lárionad Dlí, Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. An Lárionad Dlí, Aonad 6-8, An Lárionad Gnó, Bóthar Chluain Saileach, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15. <b>An tAonad Failí Leighis,</b> 7-11 Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2. <b>Seirbhís Theach an Charnáin,</b> Teach an Charnáin, Sráid Essex Thoir, Baile Átha Cliath 2.	Teil: (01) 874 5440 Facs: (01) 874 6896 Teil: (01) 646 9600 Facs: (01) 646 9799  Teil: (01) 864 0314 Facs: (01) 864 0362  Teil: (01) 457 6011 Facs: (01) 457 6007  Teil: (01) 451 1519 Facs: (01) 451 7989  Teil: (01) 820 0455 Facs: (01) 820 0450  Teil: (01) 477 6200 Facs: (01) 477 6241  Teil: (01) 675 5566. Facs: (01) 764 5116
<b>GAILLIMH</b>	An Lárionad Dlí, 9 Sráid San Proinsias, Gaillimh. An Lárionad Dlí, Teach Seville, Bóthar an Duga Nua, Gaillimh.	Teil: (091) 561 650 Facs: (091) 563 825 Teil: (091) 562 480 Facs: (091) 562 599
<b>CIARRAÍ</b>	1 Plás Day, Trá Lí, Co. Chiarraí.	Teil: (066) 712 6900 Facs: (066) 712 3631
<b>CILL DARA</b>	Plás Canning, an Droichead Nua, Co. Chill Dara.	Teil: (045) 435 777 Facs: (045) 435 766
<b>CILL CHAINNIGH</b>	Aonad A, 1ú Urlár, Bloc A, Smithlands, An Loch Buí, Cill Chainnigh.	Teil: (056) 776 1611 Facs: (056) 776 1562
<b>LAOIS</b>	Aonad 6A, Sráid an Droichid, Port Laoise.	Teil: (057) 866 1366 Facs: (057) 866 1362
<b>LUIMNEACH</b>	Aonad F, Cé Lock, Luimneach.	Teil: (061) 314 599 Facs: (061) 318 330
<b>AN LONGFORT</b>	Clós an Chomhair Chreidmheasa, 50A An Phríomhshráid, An Longfort.	Teil: (043) 334 7590 Facs: (043) 334 7594
<b>LÚ</b>	Teach Condil, Plás Roden, Dún Dealgan, Co. Lú.	Teil: (042) 933 0448 Facs: (042) 933 0991
<b>MAIGH EO</b>	Meal Humbert, an Phríomhshráid, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.	Teil: (094) 902 4334 Facs: (094) 902 3721
<b>AN MHÍ</b>	Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh, Co. na Mí.	Teil: (046) 907 2515 Facs: (046) 907 2519
<b>MUINEACHÁN</b>	Teach Alma, An Diamant, Muineachán.	Teil: (047) 848 88 Facs: (047) 848 79
<b>UÍBH FHAILÍ</b>	Sráid an Chuain, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.	Teil: (057) 935 1177 Facs: (057) 935 1544
<b>SLIGEACH</b>	Teach Bridgewater, Paráid Rockwood, Sráid Thomáis, Sligeach.	Teil: (071) 916 1670 Facs: (071) 916 1681
<b>TIOBRAID ARANN</b>	Friarscourt, Sráid na Mainistreach, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.	Teil: (067) 341 81 Facs: (067) 340 83
<b>PORT LÁIRGE</b>	Teach Cheanada, Sráid Cheanada, Port Láirge.	Teil: (051) 855 814 Facs: (051) 871 237
<b>AN IARMHÍ</b>	Lána Payne, an Baile Gaelach, Baile Áth Luain, Co. na hIarmhí.	Teil: (090) 647 4694 Facs: (090) 647 2160
<b>LOCH GARMAN</b>	Aonad 8, Cearnóg Redmond, Loch Garman.	Teil: (053) 912 2622 Facs: (053) 912 4927
<b>CILL MHANTÁIN</b>	Urlár 3, Bloc D, Oifigi Cathartha, An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhantáin.	Teil: (01) 202 2644 Facs: (01) 202 2667

Féadfar roinnt lárionad dlí a aistriú go hionaid eile in 2015. Féach ar [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie) chun an t-ionad reatha a fháil.

Eisithe ag

AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHÍUIL



LEGAL AID BOARD

**UAIREANTA OSCAILTE**

**10.00 r.n. - 12.30 i.n. & 2.00 i.n. - 4.00 i.n.**

SRÁID AN CHALAIHDH, CATHAIR SAIDHBHÍN, CO. CHIARRAÍ.

TEIL: (066) 947 1000. FACs: (066) 947 1035.

[www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie)